*Uimhir* 30 *de* 2002

# An tAcht um Fhoréigean Baile (Leasú), 2002

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 30 *de* 2002

# AN tACHT UM FHORÉIGEAN BAILE (LEASÚ), 2002

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt


1. Leasú ar an Acht um Fhoréigean Baile, 1996.
2. Gearrtheideal agus comhlua.

## Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht um Fhoréigean Baile, 1996 | 1996, Uimh. 1 |
| An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | 1997, Uimh. 20 |

*Uimhir* 30 *de* 2002

# AN tACHT UM FHORÉIGEAN BAILE (LEASÚ), 2002

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AN ACHTA UM FHORÉIGEAN BAILE, 1996.

[19 *Nollaig* 2002]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.—**Leasaítear an tAcht um Fhoréigean Baile, 1996— Leasú ar an Acht um Fhoréigean Baile, 1996.

(*a*) in alt 4 (orduithe urchoisc eatramhacha), tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) (*a*) Féadfar ordú urchoisc eatramhach a dhéanamh *ex parte* más rud é, ag féachaint d'imthosca an cháis áirithe, gur dóigh leis an gcúirt gur gá nó gur fóirsteanach déanamh amhlaidh ar mhaithe leis an gceartas.

(*b*) Beidh mionnscríbhinn nó faisnéis arna mionnú ag an iarratasóir mar fhoras leis an iarratas ar ordú den sórt sin.

(*c*) Más rud é go ndéanfar ordú urchoisc eatramhach ex parte—

(i) maidir le nóta d'fhianaise a bheidh tugtha ag an iarratasóir—

(I) déanfaidh an breitheamh é a ullmhú láithreach,

(II) déanfaidh an t-iarratasóir nó aturnae an iarratasóra é a ullmhú láithreach, agus déanfaidh an breitheamh é a cheadú, nó

(III) déanfar é a ullmhú láithreach ar cibé modh eile a threoróidh an breitheamh,

agus

(ii) déanfar cóip den ordú, mionnscríbhinn nó faisnéis agus den nóta a sheirbheáil ar an bhfreagróir a luaithe is indéanta.

(*d*) Beidh éifeacht leis an ordú go ceann tréimhse, nach faide ná 8 lá oibre, a shonrófar san ordú, mura ndéanfar, ar iarratas ón iarratasóir ar an ordú urchoisc agus iar bhfógra don fhreagróir, an t-ordú urchoisc eatramhach a dhaingniú laistigh den tréimhse sin le hordú ón gcúirt.

(*e*) Beidh ráiteas i dtaobh éifeacht mhír (*d*) san ordú.

(*f*) I mír (*d*), ciallaíonn 'lá oibre' lá seachas Satharn, Domhnach nó lá saoire poiblí (de réir bhrí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997).",

agus

(*b*) in alt 5 (orduithe cosanta), tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

"(4) Féadfar ordú cosanta a dhéanamh *ex parte*.".

Gearrtheideal agus comhlua.

**2.—**(1) Féadfar an tAcht um Fhoréigean Baile (Leasú), 2002 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Fhoréigean Baile, 1996 agus 2002 a ghairm den Acht seo agus den Acht um Fhoréigean Baile, 1996 le chéile.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€0.76

9 781399 308045